

Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Roberta Metsola
An Chomhairle Eorpach
An 29 Meitheamh 2023

Músclaítear roinnt ceisteanna leis na himeachtaí sa Rúis a bhaineann lena dinimic inmheánach agus leochaileacht a gcóras chomh maith lena héifeachtaí ar ionradh na hÚcráine agus ar shlándáil na hEorpa ina hiomláine.

Ní mór don dlúthpháirtíocht leis an Úcráin a bheith ar bharr ár gclár oibre. Tá sé chomh heiseach céanna don Úcráin agus atá don Eoraip. Ní mór dúinn a bheith diongbháilte - fiú má éiríonn cúrsaí níos deacra don Úcráin sna míonna amach romhainn.

Ina leith sin, fáiltím roimh an 11ú pacáiste smachtbhannaí agus roimh an €50 billiún breise chun tacú le deisiú, téarnamh agus atógáil na hÚcráine a fógraíodh an tseachtain seo caite.

Chun géarú air sin, beidh orainn beart a dhéanamh de réir na ngealltanais a thugamar maidir le tús a chur le caibidlíocht ballraíochta in AE. Bhí tiomantas na Úcráine agus a hiarrachtaí suntasacha ar athchóiriú a bhaint amach go hiontach, lena n-áirítear na ceanglais chun a stádas mar iarrthóir in AE a chomhlíonadh.

Ní mór dúinn a bheith réidh chun caibidlíocht ballraíochta a thabhairt go dtí an chéad chéim eile nuair a bheidh na critéir athchóirithe comhlíonta go leordhóthanach - agus tá súil agam go dtarlóidh sé gan mhoill.

Ní mór neartú ár mbonn tionsclaíoch a bhaineann le cosaint, nuálaíocht a fheabhsú, ár spleáchais a laghdú, éirí níos uathrialaitheach agus cothú muiníne a bheith lárnach dár mbeartas nua slándála agus cosanta. Cabhróidh an comhaontú polaitiúil ar thángthas air an tseachtain seo maidir le comhsholáthar i gcosaint leis na Ballstáit a riachtanais chosanta a athlíonadh agus a bheith níos idir-inoibríthí. Cabhróidh sé ina theannta sin le muintir na hÚcráine, a bhíonn ag brath ar ár seachadadh arm agus armlóin.

Is ábhar misnigh ina theannta sin é an dul chun cinn atá déanta ar ár gcaibidlíochtaí ar an nGníomh mar thaca le Táirgeadh Lóin Airm (ASAP) agus táim cinnte dearfa de, tar éis don Pharlaimint a seasamh a ghlacadh mí ó shin, go dtiocfaimid ar chomhaontú polaitiúil sna seachtainí amach romhainn.

Le chéile táimid ag freastal ar an éileamh. Tá reitric ag teacht le gníomh. Táimid ag seasamh lenár bhfocal.

Agus anois ní mór dúinn seasamh le hollstruchtúr nua slándála agus cosanta ina n-áirithimid go bhfuil AE agus ECAT ábalta iad féin a chomhlánú, gan dúbláil gan ghá a chruthú ná cuma na hiomaíochta a thabhairt.

Ní mór dúinn beart a dhéanamh ina theannta sin maidir leis an imirce. Tá sé práinneach. Maraíodh 300 duine eile i reilig na Meánmhara an tseachtain seo caite, nach sainaitheofar go leor acu go deo. Sin 300 aisling eile scriosta. 300 teaghlach eile briste go deo.

Tá dul chun cinn tábhachtach déanta againn. Tá Parlaimint na hEorpa réidh chun obair - go hinchiallaithe - chun dul chun cinn a dhéanamh faoi dheireadh na tréimhse reachtaí seo a thugann urraim do theorainneacha, atá cothrom leo siúd a bhfuil gá acu le cosaint, daingean leo siúd nach bhfuil incháilithe, agus a bhriseann múnla gnó na ngáinneálaithe a chreachann

daoine leochaileacha. Caithfidh gurb iad ár ndlíthe agus ár gcreat dlíthiúil a chruthaíonn na rialacha, seachas líonraí gáinneála. Dá fhad a fhanfaimid, is ea is láidre na líonraí agus caillfear níos mó daoine. Tá ról tábhachtach agus ríthábhachtach ag Frontex anseo.

Ní féidir linn neamhaird a dhéanamh freisin ar ghné sheachtrach na ceiste seo. Tá ról againn a lamhálann dúinn infheistiú agus comhoibriú níos mó le tíortha san Afraic. Ní féidir linn an seanbhotún a dhéanamh, áfach, gan labhairt leis an Afraic ach amháin nuair a bhaineann sé leis an imirce. Ní mór dúinn bheith rannpháirteach go straitéiseach maidir le hinfheistíochtaí, comhthionscadail agus i spiorad comhpháirtíochta. Ní mór dúinn labhairt, gan labhairt go postúil, agus tuiscint má tharraingimid siar ansin lorgóidh tíortha san Afraic comhpháirtithe eile.

Ní mór dúinn athmheasúnú a dhéanamh ar an tslí a ndéanaimid idirghníomhú ar fud an domhain. Ár gcaidreamh polaitiúil agus eacnamaíoch le príomh-chomhpháirtithe ar fud an domhain a athchothromú. Le daonlathais Mheiriceá Laidinigh ar amhábhair agus margair trádála ríthábhachtach chun ár n-aistriú digiteach agus glas a chur chun cinn.

Ní mór dúinn ina theannta sin plé níos mó le tíortha cosúil leis an India.

Is é an tAontas Eorpach an tríú comhpháirtí trádála is mó atá agus an dara ceann scríbe onnmhairithe is mó ag an India. Tá go leor tosaíochtaí againn araon, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide, an teicneolaíocht agus an tslándáil. Tá an oiread sin deiseanna ann nach mbaintear leas astu.

Is í an Eoraip an gníomhaí domhanda is mó a raibh tionchar aici ar an gelár oibre idirnáisiúnta maidir le dícharbónú, éagsúlú fuinnimh agus an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide a chur chun cinn. Tá sé seo tábhachtach. Ach caithfimid a bheith níos fearr chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta na geinntí seo go léir a mhaolú. Caithfimid míniú níos fearr a thabhairt conas atá sé seo á dhéanamh againn agus cén fáth a bhfuil tábhacht leis.

Caithfidh muinín a bheith ag daoine as an bpróiseas agus caithfidh siad a bheith ábalta íoc as. Ní mór dúinn éisteacht níos mó agus níos géire lenár saoránaigh, lenár ngnóthaí, lenár n-aos óg. Ní mór dúinn an fadcheann a bheith againn chun fios a bheith againn conas daoine a choinneáil linn.

Tá an boilsciú leanúnach. Tá laghdú fíorphá le brath ag teaghlaigh. Tá an Banc Ceannais Eorpach ag cabhrú chun dul i ngleic leis seo trí rátaí úis a mhéadú. Ach tá tionchar sóisialta aige sin chomh maith nár cheart dúinn neamhaird a dhéanamh air.

Sid é an fáth, más mian linn a bheith dáiríre faoi chur chun feidhme ár dtosaíochtaí agus a bheith inchreidte, go dteastaíonn buiséad AE uainn atá oiriúnach don fheidhm.

Tá sé in am acmhainní dílse nua a chur i bhfeidhm. Agus fiacha NextGenerationEU á n-aisíoc againn, ní mór foinsí nua ioncaim a chur ar fáil. Ní féidir leis bheith ar chostas bheartais agus chláir an Aontais atá ann le fada an lá.

Ceangailte leis sin tá an gá le buiséad fadtéarmach AE a oiriúnú chun ár réaltacht láithreach a léiriú. Níl aon amhras ach, ó glacadh leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil láithreach in 2020, go bhfuil athrú tagtha ar an domhan agus ní mór dúinn athrú dá réir. Táimid ag éileamh go ndéanfar athbhreithniú ar CAI le blianta anuas agus tá an Pharlaimint réidh lena páirt a

ghlacadh. Tá sé seo, dála an scéil, ríthábhachtach ina theannta sin do thionscadail bhonneagair ar féidir leo cabhrú i dtéarmaí cosanta agus slándála – cosúil le hiarnróid a bhfuil ról mar línte ríthábhachtacha iompair míleata acu ina theannta sin. Teastaíonn aontoilíocht le cuid de na cinní seo agus beidh ról againn go léir.

Baineann sé lenár ngeilleagair a phrofáil don todhchaí. Agus conas a thabharfaimid ár dtionscadal ar ais níos láidre ná mar a fuairamar é.

Caithfear díriú sna míonna amach romhainn ar sheachadadh. Ba dheacair an próiseas chun tréimhse toghcháin a aontú cheana féin. Tá an dáta réamhshocraithe bunaithe ar 1979 nuair nach raibh ach naoi mBallstát ag an Aontas. Ní mór dúinn comh-athmhachnamh a dhéanamh ar conas a aithnítear an dáta. Táimid ag plé comhdhéanamh na Parlaiminte anois - tá ár moladh agat maidir leis an dlí toghcháin, ach is ródheacair é seasamh sa Chomhairle a bhaint amach. Tuigimid má sheasaimid inár stad, éireoidimid marbhánta.

Molaimid go mbeidh coinbhinsiún ann a chuirfidh lenár gComhdháil fhairsing maidir le Todhchaí na hEorpa. Ní mór dúinn a bheith réidh don mhéadú agus fad atá an Mholdóiv, an Úcráin agus tíortha eile sna Balcáin Thiar ag athchóiriú agus ag ullmhú – caithfimid an rud céanna a dhéanamh.

Is mithid athmhachnamh comhchoiteann. Tá go leor acu neadaithe cheana féin san athrú geopholaitiúil seo. Ní mór dúinn a bheith réidh chun an rud céanna a dhéanamh.

Go raibh maith agaibh.